

PÁIPÉAR SEASAIMH

ag

allmhaireoirí Eorpacha na n-earraí boird agus cistine

Déanann allmhaireoirí Eorpacha na n-earraí boird agus cistine, lena dtacaíonn líon mór gnóthas miondíola Eorpach agus roinnt monaróirí Eorpacha, agóid láidir in aghaidh, agus **cuireann i gcoinne**, chur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála ar chré-earraí boird agus ar chré-earraí cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar na cúiseanna seo a leanas:

(a) **Ní cháilíonn na Gearánaigh (táirgeoirí AE) mar thionscal ábhartha an Chomhphobail**

- toisc go ndéanann líon mór d'allmhaireoirí an Chomhphobail táirgí, a líomhnaítear a bheith dumpáilte, a allmhairiú ón tSín,
- ní dhéanann ach **níos lú ná 25 %** de tháirgeoirí de chuid thionscal an Chomhphobail a thacaíonn leis an nGearán, ach nach ndéanann earraí a allmhairiú ón tSín, táirgí den chineál céanna a tháirgeadh,
- sa chaoi go mba cheart nach gcuirfí tús leis na himeachtaí seo ar an gcéad dul síos.

(Airteagal 5 (4) den Bhun-Rialachán)

(b) **Ní dhéanann na Gearánaigh (táirgeoirí AE) ionadaíocht ach amháin ar son mionghrúpa soláthraithe**

- toisc go ndéantar beagnach **93 %** d'earraí boird a allmhairiú,
- nach ndéanann táirgeoirí Eorpacha ach beagáinín níos mó ná **7 %** de tháirgí comhchosúla a tháirgeadh,
- éilíonn na Gearánaigh go dtacaíonn 35 % de tháirgeoirí Eorpacha leo, rud a chiallaíonn nach bhfuil sna táirgeoirí a thacaíonn leis an nGearán ach **2.5 %** de sciar an mhargaidh,
- cé go bhfuil breis is **66 %** de sciar an mhargaidh comhdhéanta de tháirgí a allmhairítear ón tSín,
- agus dá gcuirfí bearta frithdhumpála i bhfeidhm, ní chosnófaí ach líon beag táirgeoirí agus bheadh an chuid is mó de ghníomhaithe an mhargaidh thíos leis, rud a bheadh díréireach agus i gcoinne leas an Chomhphobail

(Airteagal 21 (1) den Bhun-Rialachán)

(c) Déanta na fírinne, ní dhéanann onnmhaireoirí ón tSín earraí ar bith a dhumpáil

- toisc go ndéanann monaróirí ón tSín a gcuid earraí a dhíol ar an margadh intíre ar an bpraghas céanna nó ar phraghsanna níos ísle ná a gcuid praghsanna onnmhairithe.

(Airteagal 1 (2) den Bhun-Rialachán)

(d) Déanta na fírinne, ní bhaineann bagairt dhíreach ar bith le hallmhairí ón tSín

- toisc, ar láimh amháin de, gur féidir le líon mór táirgeoirí Eorpacha táirgí comhchosúla a tháirgeadh ar an mórchóir ar an bpraghas céanna nó ar phraghsanna níos ísle,
- agus, ar an láimh eile de, go bhfuil méadú mór de **39 %** tagtha idir Eanáir 2010 agus Meitheamh 2012 ar na praghsanna a d'íoc allmhaireoirí Eorpacha as táirgí a allmhairíodh ón tSín.

(Bunachar sonraí Eurostat, sliocht iniata)

(e) Déanta na fírinne, níl tionchar diúltach ar bith ag allmhairí ón tSín ar tháirgeoirí AE

- toisc go bhfónann táirgeoirí Eorpacha do scothdheighleog an mhargaidh, ina ndíoltar táirgí costasacha a dháiltear den chuid is mó trí shiopaí speisialta,
- ach fónann allmhaireoirí Eorpacha do dheighleog eile an mhargaidh, ina ndíoltar táirgí ísealchostais a dháiltear trí shiopaí miondíola agus trí shaoráidí soláthair áitiúla i gcomharsanacht áitiúil na dtomhaltóirí,
- mar sin, ní bhíonn na táirgí a dhéanann allmhaireoirí Eorpacha a allmhairiú san iomaíocht go díreach leis na táirgí a dhéanann táirgeoirí Eorpacha,
- rud a chuir ar chumas táirgeoirí Eorpacha, de réir a ráiteas airgeadais agus a n-eisiúintí preasa féin, na torthaí gnó is fearr a bhaint amach le blianta beaga anuas (in ainneoin a gcuid líomhna go ndéantar táirgí a allmhairítear ón tSín a dhumpáil agus in ainneoin an chúlú eacnamaíochta!!).

(Eisiúintí preasa BHS tabletop AG agus Steelite International plc, iniata)

(f) **Fiú, cuireann mórtháirgeoirí Eorpacha go dian i gcoinne dleachtanna frithdhumpála freisin**

- toisc nach bhfuil stádas reatha an mhargaidh agus dáileadh sciaranna den mhargadh idir tháirgeoirí AE agus allmhaireoirí ón tSín de thoradh ar ghéarfhadhb le déanaí arbh éigean do na húdaráis idirghabháil a dhéanamh ina leith,
- ach de thoradh ar fhorbairt a thosaigh roinnt deiceanna ó shin, agus **nach** gcuirfí deireadh le hiarmhairtí saofa agus nach gcuirfí iomaíochas éifeachtach ar bun arís dá gcuirfí dleachtanna frithdhumpála i bhfeidhm sna cúinsí seo,
- a mhalairt a bheadh i gceist, déanta na fírinne, chuirfeadh dleachtanna frithdhumpála deireadh leis an iomaíochas éifeachtach agus thabharfaí iarmhairtí saofa isteach, rud a bheadh contrártha lena n-éilítear faoi leas an Chomhphobail,
- sin an fáth go gcuireann **mórtháirgeoirí Eorpacha** go sainráite **i gcoinne** dleachtanna frithdhumpála a chur i bhfeidhm, go háirithe toisc go bhfuil eagla orthu go mbeadh tionchar acu ar a ngnóthais féin.

(Litreacha ó Portmeirion Group plc agus Just Mugs Ltd, iniata)

(g) **Cinnte, is é 'tionscal an Chomhphobail' is mó ná na hallmhaireoirí agus na miondíoltóirí Eorpacha**

- toisc gurb ionann iad agus sciar den mhargadh de níos mó ná **66 %**,
- dá dtabharfaí dleachtanna breise isteach, dhéanfaí fíordhamáiste don earnáil allmhairithe Eorpach seo agus do na gnóthais eile go léir a dhéanann a gcuid táirgí a dháileadh,
- toisc, le blianta fada anuas, go bhfuil mórinfheistíocht déanta ag allmhaireoirí Eorpacha agus go bhfuil a lán iarrachtaí déanta acu chun deighleog an mhargaidh a bhunú ina soláthraítear a gcuid táirgí anois, chun a mbrandaí agus a dtrádmharcanna féin a chruthú, agus chun córas de chainéil dháileacháin agus d'asraonta miondíola a chur ar bun a fheidhmíonn go maith, a chuireann ar a gcumas earraí boird a dhíol ar phraghsanna réasúnta trí líonra asraonta atá lonnaithe gar do chustaiméirí,
- bheadh sé seo go léir i mbaol dá gcuirfí dleachtanna frithdhumpála i bhfeidhm,
- toisc nach nglacfar le méadú ar phraghsanna sa mhargadh a fhóntar dó, a bhfuil **gníomhartha saorga ag na húdaráis** (dleachtanna frithdhumpála) seachas fórsaí an mhargaidh amháin mar chúis leo, agus
- beidh laghdú ollmhór ar a gcuid díolachán mar thoradh ar sin, b'fhéidir chomh híseal le nialas i réimsí áirithe táirge.

(h) **Chuirfí líon mór post i mbaol**

- toisc go mbeadh ar allmhaireoirí agus ar mhiondóltóirí Eorpacha, a mbraitheann a gcuid gnóthas ar na táirgí ar a ndéantar imscrúdú, an margadh a fhágáil nó athstruchtúrú mór a dhéanamh ar a gcuid gnóthas,
 - rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le suas le **7,000** cailliúint post, agus sin i measc allmhaireoirí Eorpacha amháin,
 - agus leis na céadta, nó na mílte, cailliúint post eile, sin i measc miondóltóirí Eorpacha den chuid is mó, agus
 - de réir an mhéid atá ráite ag **Metro** le linn éisteacht an Choimisiúin an 22 Lúnasa 2012, le suas le 5,000 cailliúint post san earnáil earraí boird ar fud na hEorpa, sin i measc an ghrúpa Metro amháin
- (Tá Metro ar cheann de na 20 sreangshiopa miondíola is mó san Eoraip. Tá Auchan, Carrefour, Edeka agus Tesco i measc na 20 sreangshiopa eile).

(i) **Bheadh an-tionchar diúltach aige ar thomhaltóirí Eorpacha**

- toisc nach gcabhrófar le monaróirí Eorpacha na fadhbanna struchtúracha a d'fhéadfadh a bheith acu a sháru sa chás go dtabharfar dleachtanna breise isteach,
- ach beidh tionchar diúltach aige ar **thomhaltóirí Eorpacha** den chuid is mó, toisc go mbeidh iarmhairt dhíreach léineach ag dleachtanna frithdhumpála ar phraghsanna tomhaltais, rud a bheidh ina chúis le praghsanna i bhfad níos airde ar tháirgí earraí boird - mar thoradh ar seo, díolfar níos lú táirgí, agus imeoidh na táirgí seo as na seilfeanna i sreangshiopaí go luath amach anseo,
- rud a chiallóidh nach mbeidh tomhaltóirí Eorpacha in ann earraí boird agus cistine a cheannach a thuilleadh ar phraghsanna réasúnta trí shaoráidí áitiúla soláthair ina gcomharsanacht féin.

Is rud díréireach é dleachtanna frithdhumpála a chur i bhfeidhm agus tá sé i gcoinne leas an Chomhphobail.

(Airteagal 21 (1) den Bhun-Rialachán)

Doiciméid iniata:

- Litir cur i gcoinne, Casa International (miondóltóir Eorpach)
- Litir cur i gcoinne, tedox (miondóltóir Eorpach)
- Sliocht ó bhunachar sonraí Eurostat, méadú ar phraghsanna ar allmhairí ón tSín Eanáir 2010 - Meitheamh 2012
- Eisiúint preasa, Steelite International
- Eisiúint preasa, BHS tabletop
- Litir cur i gcoinne, Portmeirion Group plc (táirgeoir Eorpach)
- Litir cur i gcoinne, Just Mugs Ltd (táirgeoir Eorpach)